



An Bhruiséil, 30 Meitheamh 2025
(OR. en)

10767/25

Comhaid Idirinstitiúideacha:

2023/0208 (COD)

2023/0211 (COD)

2023/0212 (COD)

EF 219
ECOFIN 872
UEM 339
CONSOM 121
CODEC 895
ECB

NÓTA

ó:	An Uachtaránacht
An:	30 Meitheamh 2025
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Nóta na Saincheisteanna ón Uachtaránacht maidir leis an bPacáiste Airgeadra Aonair do ECOFIN i mí Iúil

Nóta na Saincheisteanna ón Uachtaránacht maidir leis an bPacáiste Airgeadra Aonair do ECOFIN i mí Iúil

I. RÉAMHRÁ

An 28 Meitheamh 2023, thíolaic an Coimisiún pacáiste de thrí thogra le haghaidh Rialacháin, lena bhfoirmítear Pacáiste Airgeadra Aonair, maidir leis an méid seo a leanas:

- bunú an euro dhigitigh;
- soláthar seirbhísí euro dhigitigh ag soláthraithe seirbhísí íocaíochta atá corpraithe i mBallstáit nach é an euro an t-airgeadra iontu;
- dlíthairiscint nótaí bainc agus monaí euro.

Dá bhrí sin, tá trí aidhm uileghabhálacha ag an bpacáiste: (i) reachtaíocht an Aontais is gá a leagan síos chun bunú an euro dhigitigh miondíola a rialáil, mar chomhlánú ar airgead tirim, agus a eilimintí fíor-riachtanacha; (ii) aghaidh a thabhairt ar ghné an Mhargaidh Aonair den euro digiteach trí fhoráil a dhéanamh do na coinníollacha faoina bhféadfaidh soláthraithe seirbhísí íocaíochta lasmuigh den limistéar euro seirbhísí digiteacha euro a sholáthar; (iii) rialacha a ghlacadh maidir le raon feidhme agus éifeacht na dlíthairisceana ar airgead tirim ón Aontas chun a chur in iúl don phobal go mbeidh nótaí bainc agus boinn euro i gcónaí ina modhanna íocaíochta a bhfuil rochtain fhorleathan orthu agus a bhfuil glacadh forleathan leo ar fud an limistéir euro.

II. STAID NA hIMEARTHA

Faoi Uachtaránacht na Spáinne, na Beilge, na hUngáire agus na Polainne ar an gComhairle, rinneadh dul chun cinn an-suntasach maidir le raon leathan saincheisteanna tábhachtacha, mar shampla: samhail chúitimh an euro dhigitigh; dáileadh an euro dhigitigh, lena n-áirítear lasmuigh den limistéar euro; feabhas a chur ar athléimneacht agus ullmhacht chórais íocaíochta an Aontais le himscaradh an euro dhigitigh; stádas dlíthairisceana an euro dhigitigh agus na nótaí bainc agus na mbonn euro faoi seach; agus, an leibhéal príobháideachais agus cosanta sonraí is airde is féidir a áirithiú d'úsáideoirí an euro dhigitigh, go háirithe tríd an bhfeidhmiúlacht nuálach as líne. Tá rannchuidiú mór á thabhairt ag an nGrúpa Euro le saincheisteanna tábhachtacha a bhfuil gné pholaitiúil ag baint leo, go háirithe an próiseas rialachais agus cinnteoireachta maidir leis an teorainn sealbhaíochta agus an cinneadh críochnaitheach an euro digiteach a sheoladh.

Dá dtiocfadh na Ballstáit ar chomhaontú agus dá dtabharfaidís gealltanais maidir le cuspóir chun teacht ar chur chuige ginearálta in 2025, níor mhór tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh ar na saincheisteanna sin agus níor mhór do na Ballstáit sainorduithe soiléire a thabhairt dá saineolaithe d'fhonn bailchríoch a chur ar phlé na meithle agus comhréiteach maidir leis an bPacáiste Airgeadra Aonair a chur faoi bhráid ECOFIN le cinneadh a dhéanamh ina leith.

III. DÍOSPÓIREACHT BHEARTAIS

Iarrann Uachtaránacht na Danmhairge ar an gComhairle díospóireacht bheartais a bheith aici leis an mbealach a réiteach chun teacht ar chur chuige ginearálta maidir leis an euro digiteach agus leis an bPacáiste Airgeadra Aonair iomlán in 2025. Iarrtar ar na hairí a dtuairimí a chur in iúl in ECOFIN maidir leis na ceisteanna seo a leanas:

1. An aontaíonn tú leis an aidhm teacht ar chomhaontú sa Chomhairle maidir leis an euro digiteach agus maidir leis an bPacáiste Airgeadra Aonair iomlán in 2025?
 2. An aontaíonn tú go mbaineann na saincheisteanna is mó atá fós gan réiteach leis an rialachas maidir leis an teorainn sealúchais agus leis an gcinneadh an euro digiteach, an príobháideachas agus an cúiteamh a sheoladh?
 3. Meas tú an bhfuil aon saincheisteanna polaitiúla móra eile ar ghá iad a chur san áireamh ar leibhéal na nAirí freisin?
-